

Omar Khayyam  
[Rubaiyat. Irish]  
Rubaiyat Omar Caiam o  
Naiseapur

PK  
6514  
I74




*From the Library*  
of  
PÁDRAIG Ó BROIN

# RUBÁIÁT OMÁR CÁHÁM

TORNA





RUBÁIÁT


OMÁR CAÍMÁM  
Ó NAÍSEÁPÚR.

TADHG Ó DONNCHADHA  
(TORNA)

DO CHUIR I NGAEDHILG,  
Ó AISTRIÚ BHÉARLA  
ÉADBHAIRD MHIC GEARAILT.

ÁTH CLIATH:  
MÁRTAN LESTER, Tta.

1920.



PK  
6514  
I74

## RÉMHRÁDH.

### I.

AN aiste filidheachta atá i gcló annso, níl ann acht aistriú ar aistriú. Sa Pheiris a ceapadh ar dtúis é, agus d'aistrigheadh as san go Béarla é. Agus is ón mBéarla san do deineadh an t-aistriú atá annso.

Omár an t-ainm a bhí ar an bhfile a chéadcheap é. Omár Caiiám a tugtaí air coitchianta. Cialluighean an focal Caiiám 'puibleoir' nó 'fear puball do dhéanamh,' agus deirtar gur chaith Omár tamall dá shaoghal leis an gcéird sin, nó gur bhé ba chéird dá athair.

Rugadh Omár ag Naíseápúr; baile mór ata i ndúthaithe Chorassán i dtír na Peirse. Ní fios cadé an bhliadhain n-a rugadh é, acht gur thárla leathstigh de leath deiridh an t-aonmhadhaois déag. Agus fuair sé bás leathstigh de chéad cheathramhadh an dara aois déag, tuairim is bliadhain a 1123.

Is ró bheag an t-eólus atá againn ar chúrsaí saoghal Omár. Tír chomhachtach do b'eadh an Pheirse abhfad sara rugadh an file seo innti. Bhí lucht léighinn is foghluma gó flúirseach innti. Garsún le hinntleacht is le meabhair chinn thar an gcoitchiantacht do b'eadh Omár, agus bhí an t-anadhúil sa bhfoghlúim aige. Ní

fuláir nó bhain sé tairbhthe as pé tabhairt suas a fuair sé.

Le linn a óige sin do bhí fear mór léighinn is feallsamh-nachta, darbh' ainm Mowafac, go raibh scoil aige i Naíseápur. Thug Omár roinnt bhlianta ar a scoil sin agus isé is dóichighe gurab ann a chríochnuigh sé a scoluidheacht.

Bhí comhscoláire aige sa scoil sin, agus Nizám ul Mulc an t-ainm a bhí air. Ogánach tuiscionach inntleachtúil ab eadh é sin agus d'eirigh coidreabh agus báidh idir an mbeirt. Blianta n-a dhiaidh san do dhein fear cinn stáit de Nizám ul Mulc, agus nuair a bhí an comhacht aige níor dhearmhaid sé Omár.

Tar éis na scoile d'fhlághaínt d'Omár, is cosmhail nach ró-mhaith d'éirigh an saoghal leis. Bhí an dúil sa léighean aige i gcomhnuidhe, acht níor leór san chun é choimeád n-a bheathaídh. "Ní chothuighid na briathra na bráithre." Do thuit sé i ndealbhais, agus b'éigin dó claoi le céird chun greim bídh is bolmac a choimeád dó fhéin. Céird na bpúball do dhéanamh a tharraing sé chuitge, agus isé is dóichighe gur óna athair a fuair sé é. Acht ar nós Dhonnchadh Ruaidh agus gairm an mháighistir scoile, "a rún don phobul gur follamh an chéird sin"; ba shuarach an acmhuing d'Omár an chéird a bhí aige féin. Nuair a dhein fear cinn stáit de Nizám ul Mulc, d'imthigh Omár ag triall air, agus d'iarr aisce air.

Dfhiabraigh Nizám de cadé an aisce a bhí uaidh.

"Isé aisce is mó a fhéadfá a thabhairt dam," arsa Omár, "ná leogaint dam maireachtaint i gcuil éigin fé scáth do mhórchómhachtas, mar a bhféadfad tairbhthí na n-ealadhan do chraobhscaoile, agus faid saoghail agus sonus a ghuidhe dhuitse."

Thug Nizám ul Mulc pínse dhá chéad déag *mitcál* óir

sa bhliadhain d'Omár ; agus do mhair sé air sin go sásta go dtí lá a bháis.

Bhíodh sé ag gabháil don léighean i gcomhnuidhe, agus do scrióbh sé roinnt leabhar i bprós agus i bhfilidheacht. Bhí ainm mhór air i dtaobh a fheabhus a bhí sé san Réalteólus. Do cheap sé cláracha luachmhara don ealadhain sin. Bhí sé ar an ochtar fear a ceapadh, aimsir Malic Seáh, chun ceartú a dhéanamh ar an gcailliúir. Agus n-a theannta san do cheap sé leabhar ar Algéabar.

## II.

Rugadh Éadbhard Mac Gearailt ag Bredfield House, i n-aice le Woodbridge, Suffolk, i Sasana, an lá deireanach de mhí na Mártá, 1809. Sliocht deóruithe ó Éirinn é ar thaobh a athar is a mháthar. Seán Puirséal ab ainm is sloinne dá athair, agus Gearaltach ab eadh a mháthair. Nuair a cailleadh athair a chéile do ghlac Seán Puirséal chuige fhéin sloinne agus armus na nGearaltach. Éadbhard an tríomhadh mac a bhí aca.

Sa bhliain 1821 do cuireadh chun scoile é go dtí King Edward VI Grammar School ag Bury St. Edmunds. Sa bhliain 1826 chuaidh sé go dtí Coláiste na Tríonóide ag Cambridge, mar a bhfuair sé a chéim sa bhliain 1830. Duine dá chomhscoláirí ab eadh Thackeray.

Do chaith an Gearaltach urmhór a shaoghail ag Bredfield. Thug sé cuaird ar an bhFrainge sa bhliain 1825.

Duine mór muinteardha dhó ab eadh Bernard Barton, file, ó Woodbridge, agus phós sé inghean leis an nduine uasal sin.

Bhí an Gearaltach simplidhe n-a bhéasaibh ; bhí

caoin lághach cúthail n-a mheón ; agus bhí carthannach fial.

Dhein sé mórán aistriúchán ar a ionad chomhnuithe ; acht fé dheire sa bhliain 1874 chuaidh sé chun comhnuithe go dtí Little Grange mar a bhfuair sé bás.

Bhí sé tugaithe do bhádóireacht. Bhí coite aige agus thugadh sé tamall gach bliadhain ar an bhfairrge mórrhimcheall cóstaí Shasana. Acht sa bhliain 1877 do cailleadh an fear báid a bhí aige. Chuir sé suas den tseólthóireacht annsan, agus d'iompuigh sé ar ghárnóireacht.

An 14 lá de Mheitheamh an tsamhraidh, 1883, fuair sé bás obann agus é ar cuaird ag Merton Rectory, Norfolk. Tá sé curtha ag Boulge.

Ar shon gur scríbh sé a lán níor chuir sé riamh i gcló féna ainm acht aon leabhar amháin i. "Six Dramas of Calderon," sa bhliain 1852. Aistriúchán ón Spáinnis agus ón nGréigis agus on bPeirsíse iseadh urmhór a shaothair litridheachta.

Sa bhliain 1856 d'áitimh an tOllamh Cowell air stuidéar a dhéanamh ar litridheacht na Peirse. Do dhein, agus sa bhliain 1859 do cuireadh "Ceathramhna" Omár i gcló don chéad uair. Fé mar ba ghnáth leis an nGearaltach, níor chuir sé a ainm leis. Bhí 75 "ceathramhna" sa chló san. An t-aistriú a dheineassa air sin do cuireadh i gcló é i "Sinn Féin" na Nodlag, 1908, i n-éinfheacht le Réimhrádh ón bhFear Eagair, ó Art O Ghríobhtha. Is beag an meas a bhí ar an leabhar san an Ghearaltaigh ar dtúis. Acht tháinig cóib den leabhar i láimh an fhile Swinburne. Do mhol seisean dá cháirdibh é, agus as san amach bhí rith an ráis leis. Tá clú litridheachta an Ghearaltaigh i dtaobh leis an aistriú san amháin.

Sort breac-aistriú a dheineadh an Gearaltach i gcomhnuidhe. Isé theastuigheadh uaidh ná a thabhairt dá léightheoir an tuairim chéadna agus an aigne chéadna a gheóbhadh an léightheoir dúthchais as an aiste bhunadhsaigh.

### III.

Focal Peirsise iseadh Rubáiiát ; is ionann é agus an focal Gaedhilge *ceathramhna*. Acht saghas fé leith ceathramhan iseadh é. Bionn cheithre líne innti. An líon céadna siollabh ingach líne sa cheathramhain. Agus is gnáthach an líon san éagsamhail óil gceathramhain go chéile. Comhfhuaim, no rím, ar thrí líne, ar a laighead, den cheathramhain. Is gnáthraighe easnamh ríme ar an tríomhadh líne ; acht tonn na cainnte d'éirighe i ndeireadh an tríomhadh líne agus a íslíú arís sa cheathramhadh líne. Sa bhunamhrán bionn an rím do réir uird aibghitreach ó cheathramhain go ceathramhain. Agus sin a mbíonn de cheangal eatortha.

Níl aon deimhin ar an fhaid a bhí i bpriomhaiste Omár. An chóib is girre dhe tá 158 ceathramhna ann ; agus an ceann is sia, tuairim is chuíg céad. Isé rud do dhein an Gearaltach ná na cinn a bhfeárr leis a phiocadh as agus iad d'aistriú. Ceathramha agus céad atá aige san aiste seo annso. Acht ba ghnáth leis an nGearaltach bheith ag ceartú ar a shaothar féin, ag cur leis agus ag baint de. Agus deirtar gur uaidh féin a chuir sé an chéad cheathramha ann.

Isé an ceathramhadh cur amach ar shaothar an Gheáraltaigh atá aistríghthe annso. Chun an *tonn cainnte* dfhagháil sa Ghaedhilg, agus aithris ar an uireasbha ríme san tríomhadh líne, do dheineas

comhfbuaim an tríomhadb líne do scoilt n-a dhá leath agus é iompáil bunoscionn. Dfhág san *aichill agam*—an tslighe is coitchianta san Ghaedhilg chun tonn cainnte d'iomchur. Ní gádh acht ceathramha a léigheamh chun san a thabhairt fé ndeara.

Ní fuláir gan a dheardhadh gur sa Pheirse a ceapadh an aiste seo ar dtúis; agus n-a theanntasan go bhfuil náoi gcéad bliadhan ann ó cumadh é. Mar sin ní miste bheith ag súil lena lán ann a bhaineann le saoghal na Peirse, agus le seanchus na tíre sin; agus fós iarsmaí aigne an duine a chéadcheap é.

Tír na rós iseadh an Pheirse. Bíd siad ann nádúrtha, ar gach aondath—idir dhearg agus bhuidhe agus bhán—agus iad go flúirseach. Agus ar theacht an earraigh a thosnuighid siad ar scéidhe.

An tsinnealach, nó éan na hoidhche, isí sin éan toghtha na bhfilí sa Pheirse. Bíd siad á moladh i gcomhnuidhe

Ní ró-mhór an meas a bhí ar Omár i measc a chine féin riamh. Isé fáth a bhí leis sin, do réir dheallraimh, an magadh a dheineadh sé fén ghné sin de chreideamh Mhahomet a chleachtadís. Dream corrathónach iseadh iad. Táid siad géarchúiseach n-a gcéadfadhaibh cuirp agus anma. Agus i n-aimsir Omár bhíodar go mór fé anáil na Súifíoch, dream crábhaidh a bhí tugaithe do nónaibh rúndha feallsamhnachta is creidimh. Bhíodh Omár dian orthasan, mar, leis an bhfoghlum a bhí air fhéin, do thuig sé ná raibh n-a nónaibh súd acht mar bheadh bratach feasa ag folach a n-ainbhfiosa is a mbréagcrábhaidh.

Acht dá mhéid é foghluim Omár, do theip air crábhadh ná creideamh ab fhearr a cheapadh dhó fhéin ná do dhaoine eile. Thug sé fé shaoghal an lae Imbáireach d'innfhiúchadh roimh ré, agus níor éirigh leis. Níor

fhan aige ainsnse acht claoide le saoghal an lae Indiu, a bhíodh i gcomhnuidhe ag sleamhnú uaidh, agus glacadh leis sin mar fhéadfadh sé é. D'iarradh sé ar a lucht leanamhna an corn do lónadh agus bheith ag ól go meidhreach, mar nár bhflíos cadé an treó a bheadh ortha imbáireach. Is díol truaighe an feallsamh bocht a d'iarraidh bheith meidhreach agus ná bionn dá bhárr aige acht an lionndubh. Dhein sé dia beag den bhflíon is den tSáicí, don té dheineadh an fíon do roinnt ; acht is fuirist a aithint air ná raibh aigne sásta aige da bhárr. Acht ní féidir a rádh le cruinneas an ag magadh nó i ndáríribh a bhíonn sé aonuair. Níl le déanamh againn acht glacadh leis mar atá sé.

Ní féidir a shéanadh, amhlach, ná gur dhein an Gearaltach go minic fiarseeó ar chainnt an tseanfhondúra bhoicht. Dhein sé *déadhnuachán*—má's ceart dam téarma nua a thabhairt air—i. thug sé Omír “suas chun dáta.” Acht tá leathscéal aige dar ndóigh : Má cailleadh a lán de choraibh na seanaimsireachta, is deimhin gur eirigh leis giota maith litridheachta a cheapadh sa Bhéarla.

#### IV.

Ar éigin atá saothrú a dhóithin fós ar fheallsúnacht sa Ghaedhilg chun obair dhen tsórd so d'aistriú innti le bárr chruinneasa. Tá súil agam, ar an adhbhar san, ná bEIFAR ró-dhian ar an iarracht so toisc gach ar theip orm a thabhairt liom.

Ní miste liom mo bhuidheachas a ghabháil le muinntir Mhártain Lester a ghaibh ortha féin an leabhar so a chur i gcló. Do chuir “Crádh Croidhe Éigeas” anaspéis ann, agus do chabhruigh liom go mór. Táim buidheach dhe mar gheall ar a thrioblóid.

↗ RUBÁIÁT  
OMÁR CAIIÁM Ó NAÍSEÁPÚR.

I.

Preabaidh bhur suidhe ! Sin scaiole is scaipe ag an ngréin,  
D'aistrigh ó chuim na hoidhche a reanna go léir,

Ar reannaibh 's ar oidhche féin, is tuitim a gaoi  
Ar mhionturi an ríogh ghá shoillsiú i dtaitneamh go glé.

II.

D'aislingeas féin roimh éag na maidne nár chirt  
Gur airigh mé tréanghuth daonna i dtabhairne istigh :  
“ Sin scéimh an phailliún laistigh i bhfuirm fé réir,  
'S cad chuige an fear féin go tréith fé thathamh amuigh ?”

III.

Do chuala glaodh le glaodhach an choiligh annsan  
O shluagh bhí taobh le béal an doruis ar scur :  
“ Eirigh 's oscail ! Abhfus ní buan ár ré.  
Agus cuaird athlae ní déanta ar n-imtheacht as so.”

IV.

Ar chasadhbh seanghuidhe le tuidheacht na callainne nódh  
Seadh mheasaid deaghdhaoine claoi le machtnamh de  
dheón  
Mar mbíonn gealachroibh Mhaoise i gcóir ag eascar  
den chraoibh,  
Is mearanál Iosa tríd an dtalamh go beó.

## V.

Sin imthígthe Irám níor fhág sé oiread is rós ;  
Is corn seachtfháinneach Seámsíd ca bhíos cár ghlóis ;  
Acht an grápa choithigh sé fós a dheirge ar áis  
'S bíd scothghuirt fé bhíláth n-a dtráth cois srotha  
againn fós.

## VI.

Ar mhilisghob Dháibhí tá snaidhm ceangail gan cheól  
Acht cloistear um meadhán oidhche árdghlaoidh  
Fheallamhail óighe  
Le hársaidheacht teanga ar an rós, ghá mholadh dhi :  
“ Feárr Fíon ! ”  
Go ndineadh don scáil bhuidhe dfhás dí dearg n-a snódh.

## VII.

An corn so líon, 's i ngrios an earraigh bluig saith  
Doineannbhrat caoi is aithrighe ded bhallaibh go bráth ,  
Tá éinín fairthe na dtráth ar eitilt go righin  
Is innisim díbh gan moill go stadfaidh dá stáir.

## VIII.

San mBaibilin féin, no i Naíseápúr na lios,  
Pé blasta nó géar a théigheann an súghlach dhuit,  
N-a dheoir 's n-a dheoir seadh shileann lathairt do  
shaoghaill,  
'S n-a dhuille i ndiaidh chéile a scéidheann duilliúr do  
ghois.

## IX.

Adamhuighir fhéinig téacht na maidne i mbun scoth,  
Acht dearbhscoth glé an lae indé cár scaradh leis sin ?  
'S an rós a thagann i dtosach an tsamharaidh ar éill  
Bheir Seámsíd i gcéin is Caícobád ar a mhuin.

## X.

Go dtéighid sin slán. Cár bhfeárr dúinn féinig tnúth  
Le Caícobád na mál 's le Caíchosrú ?

Bíodh Zál is Rustum úd le héachta ag ádhbhacht,  
Is béile ofráladh Hátim—séanse iad súd.

## XI.

Lem aisise bí spás ar dáil fan imeall an fheoir  
Idir fhearrann an bhráca is fás an luimrigh mhóir

I n-áit nach treise ann ar threón ná ar aimid de thráill  
'S sin beannacht na ngrást le Mahmúd cumais an óir.

## XII.

Fé dhuilleabhar chraobhí bím lem leabhar amhrán ;  
Bíodh corn maith fíona is bríce im aice dhen arán ;

'S an díthreabh acht go mbeitheása im fhochair led  
laoi—

Dar liomsa níor dhíthreabh í acht parrathas árd !

## XIII.

Bíonn duine is sé réim an tsaoghaíl a mbeallann a  
chroidhe ;

'S duine eile is sé aonbhrógh Dé dá raideann sé gnaoi ;  
Glaeidh ar an earradh do-chír, sar thuilleadh ná

héighimh ;

An druma úd i gcéin ná géill dá chlagar le suim !

## XIV.

Féach seal ara an rós is gleóite balaith ; sé duairt :

“ Bíonn aiteas im beól ar bheóibh nuair phreabaim go  
suairc ;

Stróicse 'em baitheas go luath a cheangailbheart sróill,  
Is caith ar an bhfód a stór 'sa mhaise 'sa bhuadb.”

## XV.

An té do bhailigh i dtaisciddh an t-ór n-a mhaoin,  
'S an té do scaip é go fearthainneach sóghach le gaoith,  
Is dearbh nár hóradh diobh aon chré sa bhfeart  
Gur dhéanta dfhearaibh a leabthacha a thóbhach arís.

## XVI.

Is maig gur dóth dhó lóchrann aindeis an tsaoghaile,  
Fanann n-a smól nó tós má phreabann ar bhlaodhm,  
Ar nós an tsneachta is beag ré insna fearannaibh teó,  
Lasann uair óg nó dhó agus casann ar éag.

## XVII.

Machtnaimh ar ghlórí an ósta chríona tháir  
Gurab ainm dá dhóirse leóinte oidhche is lá  
Gach sultán dá dtígheadh n-a cháil 's in' acmhuing  
an treó  
Do chaitheadh a nóimeat cóir 's d'imthigheadh go bráth.

## XVIII.

Bíd airc agus leóghain le spórt ag caitheamh a saoghaile  
Mar mbíodh Seámsíd ag ól fad ó go rabairneach saor,  
'S Bahrám na sealg is tréan ag satailt ar a fhód  
An t-asal fiaidhmheóin 's ní dóth dhó scaipe ar a néall.

## XIX.

Measaim ná fásann scáil ró-dhearg ar rós  
Nár eascair as áit nur thárla marbh ann treón ;  
'S an búgh bheir maise n-a gelódh do gharraithe bláth  
Gur theanghmaig n-a lár ó tháthfholt ainnire róinn.

## XX.

'S an luibh seo n-a dhíon ar íoghair na habhann ár ndáil,  
Go bhfuil gluise ar a gnaoi agus milse a balaithe ag cach,  
A bhuíonach, tarraing go sámh, 's ná luigh uirthi síos—  
Ca bhfios cadé an caoinghob thíos aganfhios ór fhás.

## XXI.

Líon corn na féile, a laogh, go scaipeadh de dheóin  
O Indiu: dham aithmhéala Indé, is gach anaithe róm :  
Imbáireach ! Ca bhfios dar ndóigh nach n-a chuilith  
raghainn d'éag,  
Mar d'imthigh Indé is seacht n-aosa ar ceapadh n-a chóir.

## XXII.

Féach, cuid den dream dob annsa línn abhfus,  
Scoth na gclann do bhronn an saoighal n-a rith,  
Babhta roimhe seo d'ibh gach duine a steall  
'S do dhruid don bhall 'n-ar bhfonn leis luighe fé chuit.

## XXIII.

Is sinne atá suas go suaire san ionad ba leó,  
'S go gcuireann an uain gheal nuaidhreach orainn do nós,  
Is dual dúinn imtheacht fén bhfód i gcuilce atá duairc,  
'S nach fiosach cá sluagh nur luadhadh mar chuilce sinn  
dóibh.

## XXIV.

Deineam crích dhon chóir seo róinn, dá gcaithfam d'ár  
n-aois,  
Sara luigheam fén bhfód ar nós ar mhair ar an saoighal ;  
An chré dhon chré seadh is dual ; fén gcré bheam fós,  
Gan fíon gan cheól gan spórt gan aiteas—gan chríoch !

## XXV.

An dream dar cion Indiu so dhfhagháil gan ghruaim,  
'S an dream ler coinne dul Imbáireach buan,  
Deir Muezziú árd n-a gcluasa ón dteanntur dubh :  
" Thall ná abhfus, dbhur n-imreascáil nil duais ! "

## XXVI.

Naéimh is ollaimh oilte a thrácht go dian,  
Dhá shaoghal dá geur ar bun de bhárr a nglíadhl,  
Tá a gcannt fé tháir, dar fiadh, 's iad féin fé ghuith,  
'S a mbéil ghá stopadh ag crumha i gcáimibh criadh.

## XXVII.

Ag ollamhain ghasta chaitheas m'óige ar scoil,  
Is chloisinn a dtagra greanta ar bód go glic ;  
Acht dfhág a nglórtha me gan toradh ar a gceacht,  
'S an dorus isteach 's amach ba chomhionann dam.

## XXVIII.

Is sámh a chuireas n-a bhfochair sin síol an eóil,  
'S mo lámhsa a bhrostuigh air ionnus go dtígeadh chun  
flóis ;  
'S níor bhaineas dá dhruim 'mún bhfóghmhar acht a  
ádhbhar so :  
" Thánga im uisce, is i gcosmháileacht gaoithe  
imtheóghad ! "

## XXIX.

Ar an saoghal so theacht 's cad as, cad chuige, nach eól,  
Acht éalódh isteach mar thagann uisce n-a ród ;  
'S annsan arís, mar gheóbhadh an gbaoth n-a neart.  
Téarnamh as 's nach feas cá gcluichtear ar seól.

### XXX.

Cadé an nídh le fonn anall gan chuire do ghread ?

’S arís mar shamhail anonn gan chuire d’imtheacht !

Is ’mdhó san gloine gan chead den bhfíon so is call Chun cuimhne an leamhais do scaanradh i bhfliuchra amach !

### XXXI.

O lár na cruinne do ling eas an geata thuas,

Is tráth do thugas ar mhullaighthibh Shathuirc duairc ;

Do scaoileas ceasta cruidhe, mar ráinig dham ;

Acht tásc an Duine is an Chinneamhain—d'aistrigh uaim.

### XXXII.

Bé sin an dorus is a eochair im ghréim níor fhan :

Bé sin an cochal a dhfholuigh óm radharc gach cleas :

Mise agus tuṣa, agus seal d’ár dteist ar clos ;

’S annsan sin mise agus tusa go deimhin ar ceal.

### XXXIII.

A oscailt sin féach nár fhéad an talamh ; ná an mhuir Atá dochraideach déarach t’réis a flatha ’s í i mbroid ;

Ná spéir an chreasa, ar shon gur foluighthe a tréad Fé sholus an lae, ’s gur léir a n-amharc sa dubh.

### XXXIV.

D’aitcheas go tréan an té seo ionnamsa, leathstall

Den bhratach dhoiléir, ag éileamh sholuis im chall

Mar stiúir san doircheacht ann, ’s níor airigh mé séad Acht seanchas béil fé “ an té seo ionnatsa ’s é dall ” !

### XXXV.

N-a dhiadhsan thárla an t-árthach cré seo dham,  
Is d'iaras, trá, fios fáth mo scéilse air ;  
'Sé dubhaint 's sinn béal le gob : " O's iadh go bráth  
An t-iadh fé chlár, ná stán let rése ón ndigh."

### XXXVI.

An t-árthach cóir dá ghlór a shreagair mo ghuais,  
Ba shámh, dhom dhóigh, chun óil 's chun marthana é  
uair ;  
'S an beól tré charrbhas suairc dar dháileas póg,  
Nár bhreágh leis póga a thóbhaint 's a ghlacadh go buan.

### XXXVII.

Mar, is meabhair liom lá ar mo stáir gur dhearcassa céird  
Fear dealbhtha árthach thárla ag leadairt ar chré ;  
'S má b'áis gan teangain an chré, nior bhalbh í i gcás,  
'S do labhair go tláth : " A bhráthair cheana, go réidh ! "

### XXXVIII.

Nach eól díbh scéal mar é dhruid chughainn anuas,  
Ghá chórú i gcéill do réir na nglún do ghluais,  
Ar chré bhuig shúigthe dhuairc dá sórd san caob  
I gclódh cheart daonna ón Saor dá cumhdach uair ?

### XXXIX.

'S an braon a doirtear de chorn na féile síos  
Sa chré seo, a shlogann go hocrach é n-a bruinn,  
Ca bhfios nár éaluigh síos chun créim do chosc  
O gblédhearc fholuigh bhí tuilleadh ann is ré na ríomh ?

#### XL.

Ar aithris na túilpe, ag tnúth le fíon ó neamh,  
Ar maidin 'sí shúghann den drúcht a daoithin ceart,  
A cúrsa díreach leanse, it eascair bhunscionn  
Go dtagair béal fút san úir is críoch led stair.

#### XLI.

Ded mhearthal bhaoth 'dir dhaonna is diadha scuir,  
Is caingne an tsaoghal dot éis na ciapadh thu,  
Acht méara cliath do chrobh, le taitneamh dó, léig  
Tré bhachallaibh céibhe an té do riarrann digh.

#### XLII.

Má'sé is críoch don digh 's don ghob atá led bhéal  
An nídh seo is tosach is deire do chách san tsaoghal,  
Taoi Indiu ar fagháil, Indé mar bhís, is tuig  
Nach ísle ghiota ar do chumus Imbáireach féin.

#### XLIII.

Is aingeal na dighe seo is duibhe ar bith cáil is clódh  
Nuair a casfar leat a íoghair ar bhraoi an tsrotháin fé  
dheóidh,  
'S go sínidh a árthach rót, ón mblaise ná stríoc  
Acht t'anam do thuidheacht chun diogtha i dtráth dhod  
bheól.

#### XLIV.

An t-anam má fhéadann an chré do láncur uaidh  
Is taistéal gan éide tré spéártha neámhídh ar luas,  
Nach dó badh nár 's badh thruagh dul craipilthe  
tréith  
Is fanacht go réidh insan chrébhoth tháir seo buan ?

## XLV.

An bothán puible i suidhtar n-a chlúid lá amháin  
An sultán foirtill ar turus chun dúthá an bháis ;  
    Imtheacht dó súd chun fáin, 's an ferráis dubh  
Do dhonán eile do sciomradh an chumhangbhotháin.

## XLVI.

Ní heagal duit é, ar an saoghal 's an cárde istigh,  
Ar n-aithgheinne araon ár ndéidh nach fagháil dóibh sin;  
    Do scéidh an Sáicí cluig d'ár samhlail—miréid—  
As an eascair sin féin 's ag scéidh go bráth a bheidh.

## XLVII.

Nuair éalóa mise agus tusa fé bhraoi an bháis mhuair  
Is léir, O, a rithfidh an chruinne ar a síorrás bhuan,  
    'S gan aici de shuim n-ár mbuaic fé aontsórd chuir  
Acht mearóg cloiche do thuitfeadh sau duibheagáu fhuar.

## XLVIII.

Nó meat spás amháin—aon bholmac beó  
D'ól sa bhfásach tá is an tobar n-a mheadhón—  
    Is, ráinigh 'n tsochraid ghósta an cró nach náid  
An fód ór tháinig tráth ; bí ag bogadh ort, is dóigh !

## XLIX.

Má's gnaoi leat órstoc cóir do ré do reic  
Ag scoile a tóimhus—sa ghnó ná géill gan bhruid !  
    Níl leithead bfhéidir an bhruibh idir fhíor is ghó,  
'S cá gcinnfar eólus cóir ar an saoghal so dhuit ?

L.

Bfhéidir gan leithead an bhruibh idir fhíor is ghó,  
Is bfhéidir gurab eochair don chiste sin aon beageóil ;  
It sheilbh dá dtígheadh mar chóir, do bhéarfá ar an  
dtígh  
Is bféidir in' fhochair ar an nduine atá i bhfeidhil an  
stóir ;

LI.

An té na ritheann fén gcruinne seo a sheanchus sceóil  
Nach féadhar breith air acht oiread 's an t-airgead beó ;  
O mháh go máhí is dóigh go dtéigheann n-a rocht  
'S go n-éagaid uile—acht eisean, is marthannach dhó.

LII.

A thómhus má dháiltar tráth, sin siar é arís  
Fé chlóca bháitte dhfháisc sé ar thiatar dhuibheacht  
Is áis chun siamsa ghrinn don chóip go bráth,  
'S dá dheóin gur thárla a fhás 's a riar 's a chríoch.

LIII.

O's fánach dhuitse ar an gcruinne seo théacht go teann,  
'S go bárus neimhe ná hoscailear, éigheamh go lom  
Indiu, 's gur tusa tu féin, cár bhfheárrde dhuit  
Imbáireach, tuig, 's nach tusa tu féinig ann ?

LIV.

Caitheamh tiugh ná dein ar chnú do ré  
'S ná fan go tur um so agus súd ag plé ;  
Do bfhearra liúmsa an t-aér is canna 'en digh  
'Ná a heasnamhse dhom lot—nó súghlach géar.

## LV.

Is eól dom cháirdibh grádh mo charrbhassa  
'S m'athphósadh lá san áit i gcleachtaim bheith ;  
Ar Réasún tsease gur chuireas tóir an fháin,  
'S gur óigbhean d'ál an ghrápa a ceangladh liom.

## LVI.

Le nuariail is téad ó réitighim " Tá " agus " Nil,"  
Agus " Suas Sios " an tsaoighail ó's léir im dheáidh de  
laoighic,  
Dá éis níor thárla im lión, cé chuarduigheas gach féith,  
Cruadhshnáidhm ba ghléire préimh is fáth 'ná—Fion.

## LVII.

Is féach ar m'Airimh—tráchtáid eólaigh ceacht,  
Ghá leigheamh gur dháileas áis le cómhaireamh ceart ;  
Ní dheárna ar ndóin acht baint ón bhfeilire án  
Indé fuair bás 's Imbáireach fós gan teacht.

## LVIII.

Le déadhnaighe chonnaesa dorus an tabhairne amach,  
Fém dhéin sa doircheacht cosmháileacht aingil ba gheal,  
Is soitheach n-a ghlaic aige ag teacht—lem béal gur  
chuir,  
Go ndéininn fromhadh air ; 's ar mh'fhocal ba dlearg  
an lacht !

## LIX.

Sé an dearg so an fhíona an laoighic a bhádhann go deó  
An dathad trodbhuidhean an tríochad táir 's an dó ;  
An feallsaigh fáthach eóil a ghreadathruigheann  
Luaidh neammaith an tsaoighil go mbíonn n-a cáimibh  
óir ;

## LX.

An Mahmúd maoidhte, an tighearna taithiceach tréan,  
Ar tháin na duibheachta, a bhíonn go cealgach claoí  
    Ar tí an anma i bplé—idir scáth is scíos—  
Gur breágh do-ní le claidheamh a leagadh i n-aigha'n lae.

## LXI.

Má's lathartach neámhídha atá agam faram, cia scéith  
An masla air go dána, 'á rádh gur seanadhol é ?  
Má tá n-a bheannacht nár chéim é a chaitheamh go  
    bráth ?  
'S n-a mhallacht má tá, in' áit cia dhearbhíchuir é ?

## LXII.

Balsam an tsaoghail is éigin diúltadh dho !  
Ar eagal, am éigin, éileamh cunntais ionn ;  
Nó, d'aonbhreibí súil le digh is beannuighthe réim  
San eascair a théacht fén gcré dhon lionnsca chuirp !

## LXIII.

Bhur n-ifreann áir 's bhur n-árus séin dar ndóigh !  
Do cinneadh le tábhacht gur trághadh dhon tsaoghal so  
    is nós ;  
Is ráfla bréag gach sceól, acht focal amháin ;  
Ar oscailt don bhláth dhon bhás a théigheann go deó.

## LXIV.

Nach seóidh le suidheamh na mílte milliún ar fad,  
Róinne slighe na duibheachta do sciúird amach,  
    Gan saoi aca theacht chughainn thar n-ais dár seóladh  
        cruinn,  
Acht eólus roimhe do dhírigh sa tsuibhal gach neach.

## LXV.

An tairngreacht dfhág lucht crábhaidh 's gasra an léighinn,

Tamall n-a bhfáidhe ráinig 's chaitheadh a bhféith,

Níl ann acht camadam scéal a reacaídís tráth  
D'éis aislinge dfhagháil 's n-a dheáidh sin casadh ar a néall.

## LXVI.

M'anam na n-ae sa spéir dhofheisciona seal

Do raideas ag éileamh réad den bhith seo le teacht;

Is tar éis gur filleadh thar n-ais dom anam le scéal,  
Do fhreagair go tréan : " Me fhéin is ifreann 's is neamh ";

## LXVII.

'Sé is finnebhrogh neámhda fagháil ar dhearbhithoil shógha;

'Sé is ifreann gránna scáil an anima á dhóghadh

Tré lár an doircheacht smóil, ór lingeamair tráth,  
'S a ghirreacht an spás nach fuláir dúinn casadh air go deó.

## LXVIII.

Nil ionnainne acht fál íomháigh i ndruíochtlainn ghlé,  
Ag imtheacht de ghnáth ar stáir mórtlimcheall léis,

Is máighistir cinn na ngléas sa doircheacht áigh  
An t-inneal n-a láimh 's é lán de sholus ón ngréin;

## LXIX.

Nó áireamh fuirinne an chluiche imrigheann sé léir  
Ar an gelár so fidhchille ar cl. roicnibh oidhche is lae;

Ghá mbogadh seadh bhíonn gan staonadh, á lámhach  
's á gcosc,

'S á sáth n-a nduine 's n-a nduine n-a bprímhnid fhéin.

## LXXX.

An liathróid mhear, mar raidhearr, téigheann go cruinn  
'S ní fhaifrídh feacht an deas no clé badh chuibhe ;

'S an té do chaith thu síos ar an ngrianfhód nglas  
Is diail, ó, ar fad is feas dó féin a ghníomh.

## LXXI.

Tá an lámh ag scríobhadh na línte ar saothar seóil  
'S ar chrábhadh chroidhe nó ar ghaois gach éinne beó  
Ní stríocfar méar sa ghnó, ná ás, ná mír,  
'S ní báthfar scríd dar scríobh i dtréantsruth dheór.

## LXXII.

'S an canna ar a bhéal fé, an spéir seo is aithnid do chách,  
'Na mairimíd fé, cumhang daor, go dtagann an bás,  
Ná féach le cabhair id ghábhadh ón gcanna, agus é  
Gan acmhuing gan réim mar théigheann ár samhailna  
ghnáth.

## LXXIII.

Den chéadchré deineadh fear deiridh an tsaoghail i  
bhfioighair,  
'S don réidhbhaint deiridh do cuireadh dá réir an síol ;  
'S ar chruthú an tsaoghail do scríobhadh le héifeacht  
pin  
An scéal a tuigfar nuair a thiocfaidh dhon tsaoghal a  
chrfoch.

## LXXIV.

Indé do ceapadh an spreagadh so thárla indiu,  
'S an réim nó an danaid a leanfaidh imbáireach air ;  
Cá dtagair ar stáir ? Cad chuige é ? Ca dtéighir ? Ní feas ;  
'S dá réir sin feasta bí ag tarraing 's ag trághadh ar an  
ndigh !

## LXXV.

Creid uaim an stair seo : nuair casadh me ar bheóibh an  
tsluagh  
De ghuaillibh lasarthá an tSearraigh, a thóg me ar cuaird,  
Gur caitheadh Parwin is Muistári dhóinn reith  
San chré le hanam do ceapadh im thómus tuas ;

## LXXVI.

B'in cuisleóg a chorruigh le cumann don bhíon im chreit  
'S le fonóimhaid dá cluiche, atiú, is cuma deirbhís na  
gcleas ;  
Mo mhiotala bídhl gur leamh, bheadh eochairí n-a chorpa  
D'osclóadh an dorus ná leogladh an pípíte isteach.

## LXXVII.

Is dearbhtha liúm, má's ionn do sholus an fhír  
Fearg am scúmhadh nó úrshruth muinnté am shnaoighe,  
Go mbfhearr a ghoragha thui-lhacht sa tabhairne im  
chionn  
'Ná a chailleamhaint dúinn i gclúid tigh phobuil ag  
guidhe.

## LXXVIII.

As ucht neamhnídh gan chéill, mo léir, a thathant fé  
shnaidhm  
Ar ghearrarud chéille Érighe seirbh de chuing  
Na mbéas nach ceadaithe d'aon 's a bhígaírt dá réir,  
Dá snapadh ar an éill dul tréith dhó i bpeannaid do  
shíor !

## LXXIX.

A chréatúir d'aiseag air fairsinge niamhghlan óir  
I n-éiric dheascaidh a raid sé ar iasacht dó ;  
Agus agra um fhiachaibh fós nár aomhluigh neach  
'S nár fhéad a seasamh—n-ch maírg do riart mar ghnó !

## LXXX.

A Rí na bhflaitheas, ó leagais go dlúth im ród  
Slímdhuil ghreamaithe is gaisteanna rúin i gcóir,  
Den olc roimh ré ná cóirigh líon dom shlad,  
'S a mhaoidheamh dá bharra gur peacadh ba thrúig lem  
breódh.

## LXXXI.

A Dhia do chruthuigh an duine dhen chré seo is lugha,  
Agus piast an donuis ar innealaibh Éden dfhúig,  
Chun an duine sin léig párdún, 's a bhriathar toigh  
I ndiaidh na gcortha thug dorcha an spéir n-a ghnúis.

## LXXXII.

Le folach na neóll um nón dam analá ar fhaid  
Mar d'imthigh an gósta crón san Ramazán as,  
Sa chró n-a maireadh fá rath O Rudaighe criadóir  
Do chonnaic mé seódh de chlódhanna ar leathandáil  
bheacht.

## LXXXIII.

Bhí gach uile shórd ar chlódhanna, an t-árd 's an beag,  
Feadh 'n fhalla ann i gcóir is slógh ar an lár go tiugh ;  
Glór ag árthaighe aca ; agus aicme eile fós  
Murar bhalbh a mbeóil, gur leó gur sháimhe an tost.

## LXXXIV.

Dubhaint eascair dhen tréad : " Ní fhéadfadh aigne a  
mheas  
Gur scaradh mo chréise ón chré seo an tailimh amach,  
'S mo ghné do dhealbhadh glan, go dtreascarthaí mé  
'S me chartadh dhá éis don chré go haindeis thar n-ais "

### LXXXV.

Dubhaint soitheach a dó : " Dar ndóigh badh leanbh le  
ráig

A bhrisfeadh an próca ar n-ól dá lathairt a sháith ;  
'S an t-eóluidhe a cheap lena láimh an soitheach n-a  
chlódh

I racht buile fé dheóidh ní dóigh go leagfaidh é ar láir."

### LXXXVI.

Do stadar go ciúin go ndubhaint, d'éis tamaill de shos,  
Eascair sa chúil is gnúis nár dhathamhail air :

Is cúis chun magaidh is suilt a aindeise atú—  
Acht glac an té chum me an i bpúdhair a laguigh le  
crith ? "

### LXXXVII.

D'éirigh clódh dhen chóip ba ghlionndraighe gob,  
Fraoch n-a ghlór, is dreíilchrut súffioch air :

" Ca heól dúinn cúrsai pota ó aon chriadoir—  
Agus cia is criadoir 's is próca, a rún chroidhe, annso ? "

### LXXXVIII.

" Ariú," arsa ceann eile, " tá fuireann is innsid dréacht  
Ar ughdar a leogfaidh chun ifrinn claoide hte i bpéin

Na soithigh gur frith aon bhéim n-a geluid sin istigh,  
Acht is prionnsa dshear shoilbh é, 's ná cuirimis suim  
sa scéal."

### LXXXIX.

Arsa soitheach : " Biodh tréad le céird 's le ceannach  
ag claoide,

Acht do thriomuigh mo chréise i réim an dearmaid shír ;

Acht féach, le seanadhighe líontar ciuhsa mo chléibh  
Is tiocfad ón dtaom i scéimh na maise n-a mbinn."

### XC.

Sa scilge scléipe is plé n-a measc ann a thárla  
Do chonnacthas an rae ba léir a theastuigh ón dtáin sin ;  
Le chéile chraitheadar lámha : " Ariú, an gcloisir, a  
laogh !  
Sin uilleanna an daonnuidhe féin ag cnagadh sa rás do ! "

### XCI.

Nuair dhruidfead le héag faghaim gléasta fleadhfhíon  
suilt,  
'S a thonach dá éis ann léig dom chleasuidhe chuirp ;  
Déintar m'aibid tiugh de dhuille an fhín fhéil,  
Is cuirtar fí'n gcré me ar thaobh an gharraidhe amuigh.

### XCII.

Mar a dtiocfaidh ón gcúil 'nar súghadh i leabaidh me  
im luighe  
Boltnas cumhra srúille fairsinge fin,  
Le súil go mblaisfeadh gach naoi de dhrongaibh na  
subhach  
An bolaith maith úd 's é ag siúbhal go neamhchuiseach  
roimhe.

### XCIII.

Tá dfhaid agem thnúth le múscailt iodhal abhfus  
Go ndeachaidh amudha creideamhaint an tsaoighil orum,  
Mo chlú gur dhíolas leis ar chnagaire 'en lionn,  
Is m'anam dá chionn ar fhonn na laoidhe seo 'em chuid.

### XCIV.

Um atharrach bhéas is tréan a thugainn mo mbóid—  
Má ba mheasta me i gcéill nó saor ó iomroll an óil ;  
Acht do ghléasadh buige na rós 's an earraigh ar réim,  
Is m'aithreachas caol do réabadh orm go dreóil.

### XCV.

Dá mhéid a bhí an fíon neamhdhílis dam lem beó,  
'S gur thréigeas dá dhruim ar fríth agam d'onóir,  
An druing seo i mbun tighthe óil, cadé a cheannuighid  
Is saordha 'ná an nídh seo a dhíolaid liom fé thómhus ?

### XCVI.

Mo chreach fhada an t-earrach go meathann is scáil na  
rós,  
'S le caitheamh go stracathar meamram bláith na n-óg ;  
Is Feallamhail lághach an cheóil do spreagadh go pras  
Cad as di ? Cá ndeachaighd ? Ní fheadair na fáidhe is  
mó !

### XCVII.

Dá mb'áil le Luimreach an Tobair aon radharc amháin  
Dá thásc a nochtadh, nó i gcosmháileacht taidhbhrimh  
trácht,  
Do lingfeadh le feidhm n-a dháil an fánuidhe bocht  
Mar fhásaid bruibh as an gcosair ag leaghadh sa pháirc !

### XCVIII.

Dá mb'áil le haingeal a flaitheas na glóire anall  
An cairde a cheapadh dhon phaitinn seo róinn i n-am,  
Is atharrach sceóil, ó pheann an mháighistir thailc  
Dfhagháil n-a leabaidh, nó an sanus do ró-scrios lom !

### XCIX.

Dá ndenimis féin, a laogb, leis an nduine sin, cuir,  
Chun imtheachta claona an tsaoghal a thuiscint go bun,  
Nach tréan ó mhullach go troigh a bhrisfimis é,  
'S é chumadh dá éis ar scéimh nur ghilide a chrut !

C.

Dá fhinneacht an rae sa spéir ag tuidheacht d'ái bhfios,  
Nach minic n-a dhéadh so i méid 's i luighead í dhul ;  
'S le méin ag tuidheacht d'ár bhfios, nach minic a  
dréim  
Fén ithir seo 'ar n-éis—'s gan *mése* roimpi abhfus !

CI.

Nuair thograir gluaiseacht ruaig na rae, a Sháicí,  
Tré iolar an tsluaigh ar fuaid an fhéir n-a suidhe,  
'S dom chuansa fhéin go dtíghir go soilbh id chuaird—  
Cuiridh an cuach gan chnuas béal fé ar an íoghair !

TAMAM.

## TAGRA.

II. *Éag na maidne nár chirt* : San Domhan Thoir, tuairim is uair an chluig roimh bhreacadh an lae ar maidin, tagann lomradh, mar bheadh camhaoir, fan ioghair na spéire. An *Chamhaoir bhreige* a tugtar air. Ní fhanann sé acht tamall beag.

*Fé thathamh* .. n-a chodladh.

IV. *Tuidheacht na callainne nua* .. teacht na bliana nua. Ar *Comhnocht an Earraigh* .. an uair a bhíodh an oidhche is an lá ar comhfhaid, iseadh thosnuigheann an bhliain sa Pheirse. Bionn lá féile aca fós an chéad lá den bhliain nua. Tagann an t-earrach an-obann san tir sin. Ar éigin a bhíonn sneachta an gheimhrídh leachta nuair a bhíodh bláthá agus scothanna ar fagháil go flúirseach.

*Gealachroibh Mhaoise* : Tagairt do Exodus, iv. 6. Samhluigheann an file na bláthá bána do bheith ar ghile láimhe Maoise nuair a shín sé uaidh i.

*Mearanál Josa* : Do réir na bPeirseach is ina anáil a bhí comhachta Iosa.

V. *Irám* .. cathair a bhí san Araib. Do foluigheadh fén luimreach ghainmhidhe é.

*Corn seachtfháinneach Seámsíd* : Impire Peirse do b'eadh Seámsíd. An cailiúir a ceapadh lena linn sin, is air a bhí Omár agus an móirfheisear suadh eile ag obair ghá cheartú. Bhí corn draoidóireachta aige ara raibh seacht bhfáinní gréasta, ar aithris na seacht bhflaitheas, agus na seacht bpláinéad, agus na seacht bhfairrgí, etc.

- VI. *Feallamhail* .i. Philomel, éan na hoidhche.  
*Arsaidheacht teanga* .i. Pehlebhí, an ainm atá aca ar chanamhaint den tSeanpheirsí.  
*An scáil bhuidhe* : Tagairt don rós dearg a bheith mílitheach, nó neachtraca, don rós bhuidhe gur cheart di bheith dearg.
- VIII. *An Bhaibilin* : Tugtar an Bhaibileón air leis sa Ghaedhilg.  
*Lathairt* .i. lionn.
- IX. *Caicobád* : Rí comhachtach sa Pheirse. Chuir sé mórán dúithchí féna smacht. Sa bhliain 1219 do dhein rí dhe. Agus sa bhliain 1234 fuair sé bás de dheascaibh nimhe a thug a mhac dó.
- X. *Caichosrú*. Rí comhachtach eile é sin go bhfuil cur síos ar a mhórghníomharthaibh san *Seáhnáma* .i. i gceann desna séodaibh is luachmhaire i bhfilidheacht na Peirse. Nuair a bhí sé i mbláth a nirt is a rachmusa do thréig sé an saoghal, agus d'imthigh go hobann a d'iarraidh suaimhneasa go dtí ball iargcúldha. Fuair sé bás sa bhliain 1199.

*Rustum.* Isé sin Oscar nó tréanfhear finnscéaluidheacht na Peirse.

*Zál* ab ainm d'athair Rustum.

*Hálim Tai.* Isé sin Guaire na scéaluidheachta san Domhan Thoir.

XI. *Mahmuíd.* Impire árdchomhachtach a bhí san Domhan Thoir. Chuir sé an India féna smacht.

XIII. *An druma úd i gcéin* .i. druma dá bhualadh leathsmuigh de thigh mhór.

XVII. *Sultán* .i. rí.

XVIII. *Mar mbiodh Seámsíd ag ól* .i. I gcathair Phersepolis. Deirthear gur bh' é Seámsíd a thóg an chathair sin ar dtúis.

*Bahrám* .i. Bahrám Gúr .i. Bahrám an Asail fhiadhain, rí Thír na Sassáine. Bhí seacht gcaisleáin aige, agus gach caisleán aca ar mhalaire datha. Thárla Bahrám uair ag fiadhach asail fhiadhain, agus tháinig díle bháistighe ar an dtalamh, ar chuma gur sloigeadh ann Bahrám féin agus a chaisleáin go léir.

XXI. *Seacht n-aosa* .i. Seacht bpláinéid, agus míle bliain do gach pláinéad aca.


XXIII. *Cuiké* .i. leaba.


XXV. *Muezzín* : Oifigeach a bhaineann le mosc Mhohamiteach. Isé cúram a bhíonn air ná na trátha guidhe dfhógaírt don phobul.

XXXI. *Satharn* .i. Tighearna an seachtmhadh neamh.

- XXXII. *Mise agus tusa* .i. beith no pearsantacht éigin ionroinnté a bheadh contrártha don *iomlán*.
- XXXIII. *A tréad* .i. na réilthíní.
- XXXIX. *An braon a doirtear*. Nós atá aca sa Domhan Thoir .i. beagán den bhfíon do dhortadh ar an dtalamh sara n-ólтар an gloine.
- XLI. *Caingne* .i. cúiseanna nó ceisteanna.
- XLV. *Ferráis* .i. seirbhíseach, fear puible do chur suas.
- XLVI. *An Sáici* .i. an té bhíonn ag roinnt na dighe.
- XLVIII. *An cró nach náid* .i. an Tigh is neamhni
- L. *Aon beageóil* .i. rud suarach. *Alif* .i. Ailm, ainm an chéad litir dhen aibghitir, an focal atá ag Omár annsan.
- L.I. *Omháh go máhí* .i. ón iasc go dtí an ghealach.
- LIII. *Théacht* .i. ón dtéachtadh.
- LVII. *An* .i. uasal.
- LIX. *An dathad trodbhuidhean, etc.* Is dóigh lena lán san Domhan Thoir gur dhá chreideamh dhéag ar thrí fichid atá san domhan ar fad. Creideamh Mhahomit orthasan, do réir cuid dá n-ughdaraibh ; gan é ortha do réir tuilleadh aca.
- LX. *Táin na duibheachta* .i. Tagairt do mhuinntir ghuirm na hIndia gur chuir Mahmúd féna smacht iad.
- LXI. *Lathartach* .i. lacht, nó lionn.

- LXIV. *Nach seóidh* .i. nach iongantach.
- LXVI. *Réad den bhíth seo* .i. ádhbhairín eóluis ar rúindiamhair an tsaoghal seo.
- LXVIII. *Druiochtlainn* .i. Saghас *magic lantern* a chítear go minic san India fós .i. úirlis i bhfuirm muil rotha ; é follamh istigh ; pictiúirí tairngthe ar an dtaobh istigh dá chlúdach ; é meáidhte chomh cothrom san, go bhfanaann sé ag síorghluaiseacht timcheall ; coinneal ar lasadh istigh ann.
- LXXXV. *Nuair casadh me, etc.* .i. nuair a rugadh me.  
*An Searrach.* Ainm réilthín é sin.  
*Parwín* .i. an Traighdín, na Pleiades.  
*Muistarl* .i. Jupiter.
- LXXXVII. *Goragha* .i. ón gha d'adhainfeadh teas.
- LXXXII. *Ramazán* .i. mí troscайдh na Mahomiteach.
- LXXXVI. *Atú* .i. atáim.
- XC. *An rae* .i. an rae nua a 'niseann don Mhahomiteach go bhfuil a throscadh ar leathtaoibh.  
*An rás* .i. ag rith fé dhéin an tsoiléir.
- XCI. *Duille an shín* .i. duilliúr na fíneamhna.
- XCIX. *Cuir* .i. connradh, margadh.
- C. *Dréim* .i. strapadóireacht.
- CI. *Iolar an tsluaigh* .i. an sluagh líonmhar.  
*Cuach gan chnuas* .i. gloine follamh.





LEABHAR SAEOILGE.

## BÉAL AN UASANIS

PÁDRAIC Ó CONAIRE. CLÚDÁC. 3/6.

Leabhar é seo a bhfuil balaó ná cíneapóis agus uairí: an té nád bhfuil ré n-a chumarr an éacáin ón aon gheisibh ré oiliotóideach ná genc an; an té comhfan duait, nochtóir iongantair tó nári éas ré, agus é ceana de bhrí a léigte.

## AN CRANN SÉASACH

AIRTÍ AGUS MION-SGEALTA Ó LAIMH PÁDRAIC UÍ C. CLÚDÁC. 3/6.

Sa leabhar seo tá cura de na fseilimí i fhearradh pádaraic agus 7 tá fíor agus saoileadh nád.

## CUISLE NA hEIGSE

Cnuasacht dán do ceapadh le n-ar linn féin.

EAMON CUIRTEIS do chruinnigh.

**N**A dánta atá ins an leabhrán so, toghadh iad a súbhfile is fearr a sgiobh agus atá ag scriobhadh i n-aon féin le fiche éigin blian. Tá idir triochad agus daí annso againn 'á dhearbhú dúinn go bhfuil filí óga chughainn 'na bhfuil cuisle na h-Eigse Gaedhil brioghmhar as a bhí riabhach.

CLÚDÁC

MAIDEAN I mBEARRA AGUS DANTA EIIL  
OSBORN BERGIN, Ph.D. do scriobh. CLÚDÁC.

**I**S beag duine óg no sean de lucht na Gaedhilge indiú atá gan eolas ar an amhrán a thugann tiodal do so. Sé classic na Nua Ghaedhilge é. Ní gádh dúinn do radh i dtaobh an ughdair, tá a ainm i n-airde, ag muinntir na h-Eireann acht ag scoláiribh an Mhóir, ar léigheann agus ar fhíor-eolas.

28.1

**PLEASE DO NOT REMOVE  
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET**

---

---

**UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY**

---

---

